
# Mara Duit...

**Pleanáil Teanga**
Chloich Cheann Fhaola
*www.ptccf.com*

***Nuachtlitir ó Choiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola*** ***Iúil 2019***


*Agnes Coll & Kathleen Gallagher*


*Treasa Germaine & Conor Ó Gallachóir*


*Mary O Donnell & Mary Geaney*


*Mark O Riada, Paul Bonar & Paul Penrose*

## Gaelchara

Bronnadh seacht ndamhachtain ar 14 duine faoin scéim Gaelchara ag ócáid i gCaifé Batch ar na Croisbhealaí, Co. Dhún na nGall an mhí seo caite. Is fiú €350 an duine gach damhachtain. Is í aidhm na scéime Gaelchara nó deis a sholáthar do fhoghlaimeoirí Gaeilge chun feabhas a chur ar a c(h)uid scileanna teanga. Déanfar seo tré deis a thabhairt dóibh an Ghaeilge a chleachtadh mar theanga bheo i suíomh Gaeltachta. Chuige sin, tugtar deis don fhoghlaimeoir achar ama a chaitheamh i gcomhluadar cainteora dhúchais (an Gaelchara). I measc na ngníomhaíochtaí a roghaíodh i mbliana, tá: garradóireacht orgánach; ealaín faoin aer; drámaíocht; staidéar ar ábhar eaglasta; agus an amhránaíocht. Rinneadh 24 iarratas ina iomlán ar an scéim.

## *Winners of 'Gaelchara' grant award announced at special event.*

*The winners of the 2019 'Gaelchara' grant scheme were announced at a special cermeony in Café Batch, Falcarragh on Wednesday 29th of May last. Seven bursaries were presented to fourteen individuals.*
*Gaelchara is an innovative and novel scheme that aims to give Irish-language learners living in Cloich Cheann Fhaola an opportunity to practice Irish as a living, every-day, community language. Through the scheme, the Irish-language learner is given an opportunity to improve his or her spoken Irish by participating in a day-to-day activity or pastime in the company of a native speaker (his or her Gaelchara) in a Gaeltacht setting over a ten-month period. Among the pastimes and activities chosen by this years winners are: training for a triathalon; devising a theatre performance as Gaeilge; organic farming; ecclesiastical study; painting outdoors and learning sean-nós singing.*

### *Go n-éirí go geal leo!!*

## Buaiteoirí - Winners

- *Caitlín Ní Gallchóir agus Agnes Coll (Gaelchara)*
- *Pól Bonar agus Pól Mac Peanrois (Gaelchara).*
- *Máire Ní Dhomhnaill agus Máire Geaney (Gaelchara).*
- *Seán MacGearailt agus Donncha O Colla (Gaelchara).*
- *Mary Toland agus Noelle Ní Dhubhchoin (Gaelchara).*
- *An tAth. Séamus Mac Giolla Easpaig agus Nóra Nic Suibhne( Gaelchara).*
- *Treasa Germaine agus Conor Ó Gallchóir (Gaelchara).*


*Mary Toland & Noelle Ni Dhubhchoin*


*FR James Gillespie & Nora Sweeney*

# Pop-up Gaeltacht sa Ghaeltacht

Oíche shóisialta don phobal uilig. Bíodh greim bia agat. Ól gloine fíona. Beidh tae nó caifé agat. Agus, tapaidh an deis an Ghaeilge a úsáid agus craic agus comhrá a bheith agat.
*A social night for everyone in the community. Come and eat something. Drink a glass of wine or have a cup of tea or coffee. Have an opportunity to speak Irish and enjoy a fun, sociable evening.*

**An tSeanBheairic, an Fál Carrach**
*Déardaoin 18 Iúil ag 7pm*

**Teach Thomáis (Teach Mhici Mhic Ghabhainn), Gort a'Choirce**
*Aoine 26 Iúil ag 7pm*

POP UP Gaeltacht

# *Fostaí Gaeilge na Bliana, Cloich Cheann Fhaola, 2019*

**Spriocdháta iarratais: Dé haoine 15 Samhain, 2019.**

Is é cusóir na gradaim nó aitheantas a thabhairt do fhostaí a úsáideann an Ghaeilge ar bhonn laethúil sa láthair oibre, agus a spreagann usáid na Gaeilge sa láthair oibre agus i measc an phobail mar chuid dá oibre.

**Beidh dhá ghradam á bhronnadh:**

*1. Fostaí Gaeilge na Bliana, Cloich Cheann Fhaola, 2019. Duais €200 & dealbh.*

*2. Fostaí óg Gaeilge na Bliaina, Cloich Cheann Fhaola, 2019.(do fhostaí idir 17 agus 26 bliain d'aois). Duais €100 agus dealbh.*

*Bronnfaidh Caitlín Nic Aoidh na gradaim ag Ócáid an Ambasadóra ar an Chéadaoin 18 Nollaig, 2019*

**Critéar**

Déanfar moltóireacht bunaithe ar:

- *Léiriú ar thiomántas an fhostaí i dtaca leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa láthair oibre agus le custaiméirí/an phobail.*
- *Léiriú ar na iarrachtaí a dhéanna an fostaí an Ghaeilge agus an cultúr a chur chun cinn sa láthair oibre agus le custaiméirí/an phobail.*
- *Luach breise maidir le cur chun cinn na teanga sa láthair oibre. (mar shamplaí: ciorcal comhrá nó tograí beaga a spreagann úsáid na teanga, cabhrú le fostaí eile an Ghaeilge a fhoghlaim agus araile).*

**Iarratais:**

- *Deis do do ghnó nó d'eagraíocht poiblíocht leathan a fháil sna meáin chumarsáide Ghaeilge agus Bhéarla*
- *Le hiarratas a dhéanamh, líon isteach an foirm iarratais agus seol chuig an tOifigeach Pleanála Teanga é. Tá na sonraí teagmhála thíos.*
- *Más mhian libh, is féidir eolais breise a chur ar fáil do na moltóirí; m/s pacáiste a léiríonn an tiomántas atá ag an fhostaí nó cur síos ar ghníomh atá déanta ag an fhostaí, etc.*
- *Níl aon chostas iontrála i gceist agus beidh an tOifigeach Plenála Teanga ar fáil chun cuidiú leat ó thús deireadh an phróisis.*

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le Micheál Mac Aoidh, Oifigeach Pleanála Teanga ar 087 2270722 nó seol rphost chuig cptccf@gmail.com .

**Téarmaí agus Coinníollacha:**

- Tá gradam 'Fostaí Gaeilge na Bliana Chloich Cheann Fhaola' oscailte do fhostaithe atá ag obair i gcomhlachtaí agus eagraíochtaí i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.
- Tá Gradam 'Fostaí Gaeilge óg na Bliana Chloich Cheann Fhaola' oscailte do fhostaithe idir 17 agus 26 bliain d'aois atá ag obair i gcomhlachta nó eagraíochta i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.
- Ní féidir leis an chomhlachta nó an eagraíochta a bhfuil ag plé go príomha le cur chun cinn na Gaeilge nó ag feidhmiú faoi choinníollacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 cur isteach ar an chomórtas seo.
- Roghnóidh moltóirí na buaiteoirí agus níl dul thar bhreith an mholtóra.
- Aontaíonn na buaiteoirí páirt a ghlacadh i bpoiblíocht bainteach leis an nGradam.

# *Irish-Language Employee of the Year Award, Cloich Cheann Fhaola, 2019*

**Closing date: Friday 15 November, 2019.**

The aim of these awards is to give recognition to an employee who does the most to promote the use of the Irish language in the workplace and with the public/customers, and who inspires others to use the language in the workplace, whether they be fellow employees or the public/customers.

**Two awards are availalbe**

*1. Irish-Language Employee of the Year Award, Cloich Cheann Fhaola, 2019. Prize of €200 and a plaque.*

*2. The Young Irish-Language Employee of the Year Award, Cloich Cheann Fhaola, 2019 (for employees between the ages of 17 and 26 years of age). Prize of €100 and a plaque.*

The awards will be presented by the Irish-Language Ambassodar for Cloich Cheann Fhaola, Caitlín Nic Aoidh.

**Criteria**

The awards will be judged using the following criteria:

- *The committment of the employee as regards the promotion of the Irish-language in the workplace and with the public/customers.*
- *The efforts of the employee to ensure the Irish-language is more widely-spoken in the workplace and in the dealings with the public/customers.*
- *Entrants are required to provide evidence to the judging panel of the employees committment and work in promoting the language in the workplace and with the public.*

**Making an application:**

This is an opportunity for your business to gain positive publicity in both the English and Irish-language media.

There is no cost associated with entering the awards. The Langauge Plannig Officer is available to help you with your application and to guide you through the application process.
To apply, fill in an application form and return it to the Language-Planning Officer. (the contact details are available below).
You can provide further information if you wish. For example, a package that gives evidence of how the employee promotes the language in the workplace or uses Irish in the workplace, etc.
For further information, contact, Micheál Mac Aoidh, Oifigeach Pleanála Teanga ar 087 2270722 nó seol rphost chuig cptccf@gmail.com.

**Terms and conditions**

- Irish-Language Employee of the Year Award is open to employees of businesses, companies or organisations that are based in the Language Planning area of Chloich Cheann Fhaola.
- The Irish-Language Young Employee of the Year Award is open to young people between the ages of 17 and 26 year old who are employees of businesses, companies or organisations that are based in the Language Planning area of Chloich Cheann Fhaola.
- Any company, business or organisation whose main work is the promotion of the Irish language is ineligible for this competition. As are companies or organisations who come under the remit of Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

# ‘Mara Duit’ - Scéim Comharthaí

Tá ag éiri go geal le scéim na gcomharthaí. Tá na comharthaí, a chuireann in iúl go bhful seirbhís i nGaeilge ar fáil i ngnó, le feiceáil i go leor gnólachtaí sa cheantar. Tá súil ag an Oifig Pleanála Teanga cuairt a thabhairt ar gnó eile sa cheantar sna míonna amach romhainn. Má tá gnó agat, agus más mian leat na comharthaí, tá siad ar fáil saor in aisce ón Oifigeach Pleanála Teanga. Bí i dteagmháil le Micheál ag 087 2270722 nó ríomhphost cptccf@gmail.com

*The signage scheme for businesses is ploughing ahead. Many businesses (shops, retail, service, etc) are displaying the ‘Mara Duit’ signs, which indicate a service in Irish is available in the premises. The Language planning office hopes to visit more businesses over the coming months. If you have a business and would like some signs (all for free) then contact Micheál at 087 2270722 or email cptccf@gmail.com*































## *Leirú spéise/Glaoch:*

## ***Clár Drámaíochta a sholáthar do dhaoine óga i gCloich Cheann Fhaola.***

Tá Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola agus Fóram Oideachais Chloich Cheann Fhaola ag fáiltiú roimh léirithe spéise/iarratas chun clár drámaíochta a sholáthar dírithe ar dhaltaí scoile i Limisteár Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola, Co. Dhún na nGall.
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine nó grúpaí a bhfuil sé de chumas acu clár ildánach, samhlaíoch do dhaltaí scoile a chur i gcrích.

Ba chóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- *Beidh an clár drámaíochta a sholáthar do na haoisghrúpaí seo a leanas:*
    - *6 -8 bliain d’aois.*
    - *9 -12 bliain d’aois.*
    - *13 -15 bliain d’aois.*
- *Beidh súil go léireoidh na grúpaí míreanna gearra ag deireadh an chláir.*
- *Reachtálfar an clár ó mhí Mheán Fómhair, 2019 go dtí mí Aibreáin, 2020. (solúbhthacht i gceist ó thaobh dátaí).*
- *Cuirfear an clár i bhfeidhm go hiomlán trí mheán na Gaeilge.*
- *Cuirfear an clar ar siúl in ionad i gCloich Cheann Fhaola.*

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an togra, ní mór dul i dteagmháil leis an Oifigeach Pleanála Teanga, Micheál Mac Aoidh ag 087 2270722 nó ag cptccf@gmail.com
Is é an spriocdháta chun iarratas a sheoladh ná 5pm, an Luain 22 Iúil, 2019.

# Foram Oideachais Chloich Cheann Fhaola

Tionóladh an chéad chruinniú de Fhóram Oideachais Chloich Cheann Fhaola in Óstán Loch Altan, Gort a’Choirce i mí na Bealtaine. Bhí ionadaithe óna scoileanna agus instiúidí oideachais go léir i gCloich Cheann Fhaola i láthair. Is é cuspóir an Fhóram ná amharc ar bhealaí gur féidir luach breise a chur leis an obair atá na scoileanna go léir ag déanamh sa cheantar, amharc an bhfuil rudaí a chuirfidh leis an méid atá ann faoi láthair. Tá tús curtha leis an fhóram agus tá súil go leagfar amach clár oibre nuair a thionólfar an chéad chruinniú eile i mí mheán Fómhair.

*The first ever meeting of the Cloich Cheann Fhaola Education Forum was held in Óstán Loch Altan, Ghort a’Choirce last May. Representatives of all the schools and education organisations in the area were in attendance. The aim of the forum is look at ways to add value to the work being done by the schools and to see if the Language-Planning office can carry-out actions that will compliment or add to the work already happening. The process has begun and it is hoped a work schedule will be decided at the next meeting in September.*



Piaras Ó Colla



Seanán Mac Aoidh

# Bainisteoirí Nua i gCloich Cheann Fhaola

Tá beirt dhuine nua i mbun bainistíochta ar ionaid i gCloich Cheann Fhaola. Tá Piaras Ó Colla, as Machaire Rabhartaigh, ceaptha ina bhainisteoir ar Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh. Tá roinnt míonna déanta ag Piaras san ionad agus tá ag eirí go geal leis. Ceapadh Senán Mac Aoidh as Muineacháin ina bhainisteoir ar An tSeanbheairic roinnt seachtainí ó shin. Tá aithne forleathan ar i saol na Gaeilge. Guímid gach rath ar an bheirt acu! Agus, guímid gach rath ar na hiar-bhainisteoirí, Máire Nic Pháidín (a bhí ina bhainisteoir ar Ionad Mhachaire Rabhartaigh agus atá anois ag obair le Leader) agus Máire Ní Chasaide (a bhí ina bainisteoir ar An tSeanbheairc agus atá anois ag obair in Ionad Shliabh Liag). Rinne siad beirt job iontach.

# *New managers appointed in Cloich Cheann Fhaola*

*We have two new managers in Cloich Cheann Fhaola. Machaire Rabhartaigh man, Piaras Ó Colla, was appointed manager of Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh a number of months ago, and he is already leaving his mark on the centre. Senán Mac Aoidh, a Monaghan man, has recently being appointed the manager of An tSeanbheairc. Senan is a well-known figure in Irish-language circles. We would like to wish the two former mangers all the best as well. Máire Nic Pháidín, the former manager of Ionad Mhachaire Rabhartagh has moved on to work with Leader, and Mary Cassidy had taken up the post of manager in the new Sliabh Liag centre.*







**Teagmháil: cptccf@gmail.com nó 087 2270722**